AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.12.2025
COM(2025) 749 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

maidir leis an Athbhreithniú ar Threoir Marrakech 2017/1564 agus ar Rialachán Marrakech 2017/1563

{SWD(2025) 406 final}

I. RÉAMHRÁ

Ag aithint dóibh an tionchar diúltach nach beag a bhíonn ag an rochtain theoranta ar ábhar scríofa i bhfoirm inrochtana, nó 'gorta leabhar', ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa tsochaí agus ar a rochtain ar oideachas, in 2013, ghlac Ballstáit na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil Conradh Marrakech maidir le Rochtain ar Shaothair Fhoilsithe a Éascú do Dhaoine Dalla, do Dhaoine Lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi Mhíchumas Léitheoireachta Cló ar Aon Bhealach Eile ('Conradh Marrakech') ([1]).

Leis an gConradh, tugadh isteach teorainneacha éigeantacha agus eisceachtaí ar chóipcheart chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc agus daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile chun go bhféadfar saothair (amhail téacs, nodaireacht agus léiriú gaolmhar, in aon mheán, closleabhair san áireamh) a atáirgeadh, a dháileadh agus a chur ar fáil i gcóipeanna i bhformáid inrochtana. Ceadaítear leis an gConradh freisin na cóipeanna sin a mhalartú thar theorainneacha ([2]).

Shínigh an tAontas Eorpach Conradh Marrakech in 2014([3]) agus thug sé i gcrích é i mí Feabhra 2018 ([4]) . Le Treoir (AE) 2017/1564 maidir le húsáidí ceadaithe áirithe saothar áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile([5]) (dá ngairtear Treoir Marrakech anseo feasta) agus Rialachán (AE) 2017/1563 maidir le malartú trasteorann idir an tAontas agus tríú tíortha de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile ([6]) (dá ngairtear Rialachán Marrakech anseo feasta), tugadh isteach na hoiriúnuithe ba ghá ar dhlí an Aontais tar éis aontachas an Aontais Eorpaigh le Conradh WIPO Marrakech. Is é is aidhm do Threoir agus Rialachán Marrakech infhaighteacht cóipeanna de leabhair agus d'ábhar clóite eile i bhformáidí inrochtana a mhéadú chun leasa

---

([1]) Tháinig Conradh 'Marrakech' maidir le Rochtain ar Shaothair Fhoilsithe a Éascú do Dhaoine Dalla, do Dhaoine Lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi Mhíchumas Léitheoireachta Cló ar Aon Bhealach Eile i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2016.

([2]) https://www.wipo.int/treaties/en/ip/marrakesh/summary_marrakesh.html .

([3]) Cinneadh ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chonradh Marrakech maidir le Rochtain ar Shaothair Fhoilsithe a Éascú do Dhaoine Dalla, do Dhaoine Lagamhairc nó Dóibh Siúd atá faoi Mhíchumas Léitheoireachta Cló ar aon bhealach eile).

([4]) Cinneadh (AE) 2018/254 ón gComhairle an 15 Feabhra 2018 maidir le tabhairt i gcrích Chonradh Marrakech, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le Rochtain ar Shaothair Fhoilsithe a Éascú do Dhaoine dalla, do Dhaoine Lagamhairc nó do Dhaoine atá faoi Mhíchumas Léitheoireachta Cló ar Aon Bhealach Eile). Rinneadh an daingniú i mí Dheireadh Fómhair 2018.

([5]) Treoir (AE) 2017/1564 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le húsáidí ceadaithe áirithe saothar áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus le cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile agus lena leasaítear Treoir 2001/29/CE maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise – https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32017L1564.

([6]) Rialachán (AE) 2017/1563 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir leis an malartú trasteorann idir an tAontas agus tríú tíortha de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile – https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32017R1563.

daoine faoi mhíchumas a bhaineann le cló, chomh maith le feabhas a chur ar chúrsaíocht na gcóipeanna i bhformáid inrochtana sin thar theorainneacha. B'éigean Treoir Marrakech a thrasuí faoin 11 Deireadh Fómhair 2018. Tá Rialachán Marrakech infheidhme ón 12 Deireadh Fómhair 2018.

Ceanglaítear le hAirteagal 10(1) de Threoir Marrakech agus le hAirteagal 7 de Rialachán Marrakech ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar na hionstraimí sin faoin 11 Deireadh Fómhair 2023 ([7])agus leasuithe a mholadh i gcás inarb iomchuí. Is é is aidhm don mheastóireacht sin measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí Treoir Marrakech agus Rialachán Marrakech maidir lena gcuspóirí a bhaint amach, a bheith éifeachtúil, ábhartha do riachtanais na dtairbhithe, comhleanúnach le beartas an Aontais Eorpaigh (AE) agus le gealltanais idirnáisiúnta agus a mhéid a léirigh siad breisluach AE. Go háirithe, déantar measúnú sa mheastóireacht sin ar an tionchar a bhí ag an dá ionstraim dlí sin ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair laistigh dá raon feidhme agus chuidigh siad le malartú trasteorann cóipeanna den sórt sin a éascú.

Mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(1) de Threoir Marrakech, áirítear go sonrach sa mheastóireacht measúnú ar thionchar na scéimeanna cúitimh atá ann cheana i mBallstáit áirithe maidir le hinfhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana agus a malartuithe trasteorann. Thairis sin, breithnítear sa mheastóireacht an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na rialacha dá bhforáiltear i dTreoir Marrakech agus i Rialachán Marrakech ar infhaighteacht tráchtála saothar áirithe nó ábhair eile i bhformáidí inrochtana do dhaoine is tairbhithe, chomh maith lena n-ábharthacht i gcomhthéacs réimsí beartais eile a bhaineann le hinrochtaineacht saothar foilsithe, go háirithe an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht ('an Ionstraim Inrochtaineachta') ([8]).

Sular glacadh Conradh Marrakech, le Treoir 2001/29 maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise([9]), tugadh an rogha do na Ballstáit eisceacht nó teorainn ó chóipcheart agus ó chearta gaolmhara a sholáthar ina ndlíthe náisiúnta chun sochair daoine faoi mhíchumas, le haghaidh úsáidí de chineál neamhthráchtála a bhaineann go díreach leis an míchumas, a mhéid is gá leis an míchumas sonrach. Bhain na Ballstáit uile úsáid as an bhféidearthacht sin go pointe áirithe ([10]) . Mar sin féin, ós rud é nach

([7]) Tháinig moilleanna ar fhoilsiú na tuarascála seo mar gheall ar an am a bhí ag teastáil chun an tuarascáil mheastóireachta agus an doiciméad inmheánach oibre a dhréachtú i gcomhthráth le gníomhaíochtaí eile i réimse an chóipchirt.

([8]) Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí – https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32019L0882; is é is aidhm don Ionstraim Inrochtaineachta, i measc nithe eile, comhchuibhiú a dhéanamh ar cheanglais inrochtaineachta maidir le ríomhleabhair a chuirtear ar mhargadh an Aontais tar éis an 28 Meitheamh 2025.

([9]) Airteagal 5(3)b de Threoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise
IO L 167, 22.6.2001, lgh. 10–19.

([10]) Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le húsáidí ceadaithe áirithe saothar áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile agus lena

leagtar amach i dTreoir 2001/29 ach íoscheanglais, rud a fhágann faoi na Ballstáit é na coinníollacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm na heisceachta a shainiú([11]), bhí éagsúlachtaí i raon feidhme chur i bhfeidhm na heisceachta ([12]) , rud a rinne difear do mhalartú trasteorann cóipeanna i bhformáid inrochtana ([13]).

Mar thoradh ar chur chun feidhme Chonradh Marrakech i ndlí an Aontais, bunaíodh rialacha comhchuibhithe ar fud an Aontais lena gceadaítear do dhaoine dalla, nó a bhfuil lagú amhairc orthu nach féidir a fheabhsú chun feidhm amhairc a thabhairt dóibh atá coibhéiseach go substaintiúil le feidhm amhairc duine nach bhfuil aon lagú den sórt sin air, nó atá faoi mhíchumas léitheoireachta nó aireachtála, nó atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile, cóipeanna a dhéanamh de shaothair áirithe agus d'ábhar eile gan údarú ón sealbhóir cirt, ar mhaithe le daoine faoi mhíchumas a bhaineann le cló. Dá bhrí sin, is féidir le tairbhithe agus daoine atá ag gníomhú thar a gceann cóipeanna i bhformáid inrochtana a dhéanamh de shaothair i bhfoirm leabhar, nuachtán, irisí nó cineálacha eile scríbhneoireachta, nodaireacht, lena n-áirítear bileoga ceoil, agus léaráidí gaolmhara, in aon mheán, amhail braille, closfhormáid nó formáid mhór. Thairis sin, foráiltear le Treoir Marrakech gur féidir le comhlachtaí áirithe gníomhartha a dhéanamh thar ceann tairbhithe. Is eintitis údaraithe iad na comhlachtaí sin, ar eagraíochtaí poiblí nó príobháideacha iad, go háirithe leabharlanna, forais oideachais agus eagraíochtaí neamhbhrabúis eile a fhreastalaíonn ar dhaoine faoi mhíchumas clóite mar cheann dá bpríomhghníomhaíochtaí, dá n-oibleagáidí institiúideacha nó mar chuid dá misin chun leas an phobail. Is féidir le heintitis údaraithe cóip i bhformáid inrochtana a dhéanamh de shaothar nó d'ábhar eile ar a bhfuil rochtain dhlíthiúil aige, agus cóip i bhformáid inrochtana a chur in iúl, a chur ar fáil, a dháileadh nó a thabhairt ar iasacht do thairbhí nó d'eintiteas údaraithe eile ar bhonn neamhbhrabúsach chun críche úsáide eisiaiche ag tairbhí. Tá sé d'oibleagáid ar na heintitis údaraithe cleachtais a bhunú chun scaipeadh neamhúdaraithe oibreacha a chosc. Tá foráil i dTreoir Marrakech lena gceadaítear malartú trasteorann cóipeanna i bhformáid inrochtana sa mhargadh inmheánach. Comhlánaítear é sin le Rialachán Marrakech, lena gcumasaítear malartuithe trasteorann le tríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech.

Le Treoir Marrakech, ceadaítear do na Ballstáit scéimeanna cúitimh a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach le haghaidh úsáidí a cheadaítear faoin Treoir agus a dhéanann eintitis údaraithe atá bunaithe ina gcríoch. Go dtí seo, tá scéimeanna cúitimh i bhfeidhm i sé Bhallstát([14]). Thug dhá Bhallstát eile isteach an fhéidearthacht scéim cúitimh a bheith ann má

leasaítear Treoir 2001/29/CE maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise, 2016/0278 (COD); COM(2016) 596 final, 14.9.2016, lch. 6.

([11]) Meabhrán Míniúcháin — Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara sa tSochaí Faisnéise, an Bhruiséil, 97/0359 (COD), COM(97) 628 final, 10.12.1997, lch. 32.

([12]) Staidéar ar chur i bhfeidhm Threoir 2001/29/CE maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise ('Treoir na Sochaí Faisnéise'), 2013, lch. 428, le fáil ag https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/9ebb5084-ea89-4b3e-bda2-33816f11425b.

([13]) Idem, lch. 437.

([14]) Tá forléargas ar na Ballstáit a bhfuil scéimeanna cúitimh acu ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre agus sa staidéar, lch. 43.

dhéantar dochar do leasanna na sealbhóirí cirt ach nár bhain siad úsáid as an rogha sin go dtí seo ([15]) .

Chinn reachtóir an Aontais gan an rogha a leagtar amach i gConradh Marrakech a chur chun feidhme maidir leis an teorainn nó an eisceacht a theorannú d'oibreacha nach féidir, san fhormáid inrochtana ar leith, a fháil ar bhonn tráchtála faoi théarmaí réasúnacha do dhaoine is tairbhithe sa mhargadh sin. Measadh go ndéanfadh forchur oibleagáide den sórt sin ar eintitis údaraithe dochar do dheimhneacht dhlíthiúil agus, dá bhrí sin, go ndéanfadh sé difear ar deireadh d'infhaighteacht oibreacha do thairbhithe([16]). Níl cead ag na Ballstáit ceanglais bhreise a thabhairt isteach maidir le heintitis údaraithe amhail fíorú roimh ré ar infhaighteacht tráchtála saothar i bhformáidí inrochtana. Is cosúil go bhfuil forálacha i bhfeidhm ag dhá Bhallstát a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le heintitis údaraithe a bheith ag seiceáil na hinfhaighteachta tráchtála nó a d'fhéadfadh easpa soiléireachta a chruthú ina leith sin ([17]) . Déanfaidh an Coimisiún tuilleadh anailíse ar na hábhair sin.

Níl na heintitis údaraithe faoi réir nós imeachta **um údarú** le haghaidh na n-úsáidí a chumhdaítear leis an gcreat. Mar sin féin, mar a luadh thuas, tá siad teoranta do chatagóirí sonracha, a áirítear in Airteagal 2(4). Soiléirítear i dTreoir Marrakech nár cheart go mbeadh sé d'éifeacht ag ceanglais údarúcháin agus aitheantais a fhéadfaidh na Ballstáit a chur i bhfeidhm ar eintitis údaraithe, amhail iad siúd a bhaineann le seirbhísí de chineál ginearálta a sholáthar do dhaoine is tairbhithe, cosc a chur orthu tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a cheadaítear leis an Treoir. Mar thoradh ar chur chun feidhme na Treorach, chuir Ballstát amháin([18]) deireadh leis an oibleagáid atá ar eintitis údaraithe clárú leis na húdaráis náisiúnta, agus i roinnt Ballstát([19]), ní mór do na heintitis údaraithe fógra a thabhairt do na húdaráis náisiúnta faoina stádas mar eintiteas údaraithe agus faoina sonraí teagmhála([20]).

Ina theannta sin, moltar do na heintitis údaraithe a sonraí teagmhála a tharchur go deonach chuig a mBallstáit bhunaíochta má théann siad i mbun malartuithe sa mhargadh inmheánach nó má allmhairíonn nó má onnmhairíonn siad cóipeanna i bhformáid inrochtana faoi Rialachán Marrakech. Tarchuireann na Ballstáit an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún, a chuireann ar fáil go poiblí í ([21])

Ní áirítear aon cheanglas **faireacháin** sonrach sa Treoir. Ní thugann comhairliúchán leis na Ballstáit léargas cuimsitheach ach léirigh sé go dtarchuireann eintitis údaraithe i roinnt Ballstát tuairisciú tréimhsiúil chuig an údarás ábhartha nó go bhfuil siad faoi réir rialuithe ad hoc. An tráth céanna, i mBallstát amháin, ní raibh aon fhaisnéis ar fáil maidir le cur chun

([15]) An staidéar, lch. 43.
([16]) Féach aithris 14, an chéad abairt.
([17]) Doiciméad Inmheánach Oibre, lch. 14.
([18]) Doiciméad Inmheánach Oibre, lch. 15.
([19]) Doiciméad Inmheánach Oibre, lch. 15.
([20]) Ní raibh faisnéis maidir leis an ngné sin ó na gníomhaíochtaí comhairliúcháin ar fáil do na Ballstáit uile.
([21]) Tá an liosta le fáil ag https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/authorised-entities-context-directive-eu-20171564.

feidhme rialacha Marrakech mar gheall ar easpa faisnéise faoi na heintitis údaraithe a bhí ag feidhmiú sa tír sin ([22]).

II. MODHEOLAÍOCHT

Baintear leas sa mheastóireacht as staidéar tacaíochta, a seoladh i mí Aibreáin 2023 agus a tugadh chun críche in earrach 2024. Bailíodh na sonraí trí thaighde deisce, gníomhaíochtaí comhairliúcháin leis na Ballstáit (a gceanglaítear orthu faisnéis a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Threoir Marrakech) agus le páirtithe leasmhara, trí chomhairliúchán spriocdhírithe agus agallaimh dhoimhne a rinneadh faoi chuimsiú an staidéir tacaíochta([23]). Fuarthas tuairimí an phobail freisin trí ghlao ar fhianaise ([24]).

Mar a cheanglaítear le Treoir agus Rialachán Marrakech, cuireadh tuairimí ghníomhaithe ábhartha na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine scothaosta, san áireamh i bpróiseas na meastóireachta. Go háirithe, cumhdaíodh leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin (comhairliúchán spriocdhírithe, agallaimh dhoimhne) roinnt eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, chomh maith le heintitis údaraithe. Scaipeadh an cuireadh chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán spriocdhírithe freisin ar eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine scothaosta, ach níor fhreagair ach eagraíocht amháin den sórt sin. Thairis sin, tharchuir roinnt eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas a dtuairimí i gcomhthéacs an ghlao ar fhianaise ([25]). Cuireadh an comhairliúchán spriocdhírithe agus an glao ar fhianaise ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

III. ÉIFEACHTACHT

Chun a mheas an raibh an idirghabháil éifeachtach, measadh sa mheastóireacht ar chuir Treoir agus Rialachán Marrakech feabhas ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana laistigh den Aontas agus ar a malartuithe trasteorann laistigh den Aontas agus le tríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech. Rinne sé anailís freisin féachaint an bhfuil tosca ann a rinne difear don dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí agus an raibh aon iarmhairt gan choinne agus neamhbheartaithe ann. Ar deireadh, rinne sé measúnú ar thionchar na scéimeanna cúitimh ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana agus ar a malartú trasteorann.

Léirigh sonraí cainníochtúla a fuarthas le haghaidh na meastóireachta ó shampla d'eintitis údaraithe gur tháinig méadú níos mó ná 50 % ar an líon teideal i gcóipeanna i bhformáid

([22]) Doiciméad Inmheánach Oibre, lch. 16.
([23]) Bhí an comhairliúchán spriocdhírithe ar siúl idir an 22 Meitheamh agus an 11 Lúnasa 2023 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/consultations/targeted-stakeholder-consultation-application-marrakesh-directive-and-regulation.
([24]) https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13615-EU-copyright-law-for-blind-and-visually-impaired-people-evaluation-of-the-Marrakesh-Directive-and-Regulation_en
([25]) https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13615-EU-copyright-law-for-blind-and-visually-impaired-people-evaluation-of-the-Marrakesh-Directive-and-Regulation_en.

inrochtana atá ar fáil i mbailiúcháin na n-institiúidí sin ó bhí 2018 ann. Ní leor na sonraí chun a chinneadh i dtéarmaí cainníochtúla a mhéid a chuir na rialacha a chomhchuibhítear le Treoir Marrakech feabhas ar tháirgeadh cóipeanna i bhformáid inrochtana ag eintitis údaraithe, i gcomparáid leis an méid a bheadh indéanta faoi na dlíthe náisiúnta a glacadh ar bhonn Threoir na Sochaí Faisnéise 2001/29. Ní mór a mheas freisin, gan beann ar an gcreat cóipchirt, gur dóchúla go gcuirfidh srianta buiséadacha agus cumais theicneolaíocha dlús le hacmhainneachtaí táirgeachta eintiteas údaraithe. Mar sin féin, léiríonn sonraí cáilíochtúla a bailíodh tríd an gcomhairliúchán spriocdhírithe, i dtuairim na bpáirtithe leasmhara, go raibh tionchar dearfach ag creat Marrakech ar infhaighteacht formáidí inrochtana. Leis an taighde acadúil a rinneadh in 2022, cuireadh i dtábhacht freisin méadú a mheastar a bheith tagtha ar infhaighteacht saothar inrochtana. Mhol sé gur éascaigh creat Marrakech go háirithe ábhar clóite a thiontú go formáid braille, ach gur beag tionchar a bhí aige ar rochtain ar leabhair dhigiteacha ([26]).

Thairis sin, is féidir tionchair chainníochtúla áirithe a aithint mar éifeacht de chomhchuibhiú na heisceachta i dTreoir Marrakech. Le linn na tréimhse tagartha, tháinig méadú thart ar 39 % ar an líon úsáideoirí (tairbhithe) atá cláraithe leis na heintitis údaraithe a sholáthair sonraí. Is féidir é sin a nascadh le comhchuibhiú chatagóirí na dtairbhithe faoi Threoir Marrakech, rud a fhágann go leathnaítear raon feidhme na dtairbhithe i roinnt Ballstát i gcomparáid leis an raon feidhme a bhí i bhfeidhm roimhe sin ar an leibhéal náisiúnta. Mar a léiríodh, mar shampla, sna freagraí ar chomhairliúchán poiblí AE 2014 ([27]), níor cumhdaíodh míchumais léitheoireachta le gach eisceacht a bhí ann ar an leibhéal náisiúnta sular glacadh Treoir agus Rialachán Marrakech, cé go bhfuil siad laistigh den raon feidhme anois.

A mhéid a bhaineann le malartuithe trasteorann, le daingniú Chonradh Marrakech ag an Aontas, bhíothas in ann comhar a dhéanamh le heintitis údaraithe i ngach Ballstát agus i ngach páirtí conarthach i dtríú tíortha, lena n-áirítear trí rochtain ar Sheirbhís Dhomhanda Leabhar ABC a éascú, rud a thacaíonn le cur chun feidhme Chonradh Marrakech ([28]).

B'ionann an malartú trasteorann laistigh den Aontas agus le tríú tíortha ar páirtithe iad i gConradh Marrakech agus 16.3 % ar an meán de na teidil fhoriomlána a bhí ag na heintitis údaraithe a sholáthair sonraí in 2023, méadú ó 12.7 % de na teidil a fuarthas ón Aontas agus ó thríú tíortha in 2018. Is gnách go mbíonn ráta níos airde de theidil iompórtáilte ag tíortha a bhfuil teanga choiteann acu, mar is iondúil gur fearr le húsáideoirí a bheith ag obair ina dteanga féin. Cé gur cuid níos lú de bhailiú na n-eintiteas údaraithe iad leabhair teanga iasachta, is trí mhalartuithe trasteorann a fhaightear iad i bhformhór mór na gcásanna. Is ó Bhallstáit eile den chuid is mó a fhaightear na teidil allmhairithe, ach allmhairíonn eintitis

([26]) Ferri, D. Conradh Marrakech maidir le Rochtain ar Shaothair Fhoilsithe a Éascú do Dhaoine Dalla, do Dhaoine Lagamhairc nó Dóibh Siúd Atá Faoi Mhíchumas Léitheoireachta Cló Ar Aon Bhealach Eile san Aontas Eorpach: Machnamh a dhéanamh ar a Chur Chun Feidhme agus a Thionchar ó Pheirspictíocht Míchumais a Thomhas, *IIC* 55, 89-109 (2024), le fáil ag https://doi.org/10.1007/s40319-023-01410-y

([27]) Tuarascáil ar na freagraí ar an gComhairliúchán Poiblí maidir leis an Athbhreithniú ar Rialacha Cóipchirt an Aontais, atá le fáil ag https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/modernisation-eu-copyright-rules-useful-documents.

([28]) Catalóg ar líne lena gceadaítear d'eintitis údaraithe ó stáit a dhaingníonn leabhair a mhalartú i bhformáidí inrochtana gan údarú a lorg ó shealbhóirí cirt; féach https://www.accessiblebooksconsortium.org/.

údaraithe teidil ó thríú tíortha ar páirtithe iad i gConradh Marrakech freisin. Shroich allmhairí den sórt sin sciar 2.7 % den chatalóg in 2023 (suas ó 2 % in 2018). Tugann eintitis údaraithe a cuireadh faoi agallamh i gcomhthéacs an staidéir le fios go n-allmhairíonn siad oibreacha ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, ón Ríocht Aontaithe agus ó Cheanada de ghnáth([29]). Is féidir leis na malartuithe a bheith mór go leor i gcás eintitis údaraithe shonracha: mar shampla, tá 15 % de na teidil a allmhairítear ón Eilvéis agus ó Cheanada i gcatalóg eintitis údaraithe Fhrancaigh ([30]); thuairiscigh an t-eintiteas údaraithe céanna gur onnmhairigh sé chuig tríú tíortha freisin, go háirithe Ceanada([31]). Thairis sin, léirítear in agallaimh le heintitis údaraithe gur onnmhairí ón Aontas atá i gceist den chuid is mó le malartuithe le tíortha ó Mheiriceá Laidineach agus ón Afraic ([32]) .

Leis na sonraí cáilíochtúla a bhailigh an fhoireann staidéir tríd an gcomhairliúchán spriocdhírithe, tacaítear leis an tuairim go bhfuil tionchar ag rialacha comhchuibhithe an Aontais ar mhalartuithe trasteorann, le heintitis údaraithe agus údaráis náisiúnta ós rud é go raibh tionchar na rialacha ar mhalartuithe trasteorann an Aontais agus ar mhalartuithe trasteorann idirnáisiúnta níos tábhachtaí ná ar tháirgeadh. Is féidir é sin a nascadh leis an tuairisciú ó eintitis údaraithe, cé go raibh comhaontuithe comhair i bhfeidhm ag Ballstáit áirithe sular glacadh Treoir agus Rialachán Marrakech chun cóipeanna i bhformáid inrochtana a mhalartú thar theorainneacha (go háirithe sna réimsí teanga céanna), a cheadaigh cur chun feidhme Threoir agus Rialachán Marrakech do chuid acu malartuithe den sórt sin a dhéanamh den chéad uair, nó a cheadaigh dóibh na malartuithe a leathnú chuig líon níos leithne tíortha ([33]).

Tosca a dhéanann difear do tháirgeadh agus do mhalartú cóipeanna i bhformáid inrochtana

Bunaithe ar na freagraí a thug eintitis údaraithe ar an gcomhairliúchán spriocdhírithe, tá na príomhthosca a chuireann teorainn le táirgeadh cóipeanna i bhformáid inrochtana nasctha le cistiú neamhleor do na hinstitiúidí a tháirgeann na formáidí, nó le hacmhainní neamhleora eile (acmhainní daonna, eolas, teicneolaíocht). Maidir le foinsí cistiúcháin, braitheann na heintitis údaraithe den chuid is mó ar chistiú poiblí nó ar mheascán de chistiú poiblí agus tabhartais. I mBallstát amháin, maoinítear an t-eintiteas údaraithe go príomha tríd an ollioncam a fhaightear ó chrannchuir a mhargú.

Tá srianta ar eintitis údaraithe i margaí níos lú freisin mar gheall ar acmhainneacht theoranta táirgeachta, cé gur féidir a thabhairt faoi deara go bhfuil éagsúlacht nach beag i saibhreas

([29]) An staidéar, lch. 76.
([30]) An staidéar, lch. 208.
([31]) D'onnmhairigh an t-eintiteas údaraithe trí mheán ardán ABC 13 981 teideal ó bhí 2014 ann, agus chuaigh 63 % díobh chuig tríú tíortha (Ceanada den chuid is mó).
([32]) D''onnmhairigh ONCE sa Spáinn 421 chóip go dtí an Airgintín agus Peiriú in 2023, agus 568 gcóip chuig Guatamala, Meicsiceo agus an Airgintín (an staidéar, lch. 212). Luaigh eintiteas údaraithe Francach gur onnmhairigh siad cóipeanna chuig tíortha na hAfraice go díreach chuig tairbhithe i dtíortha na hAfraice, mar gheall ar easpa bonneagair dhigitigh agus fhisicigh na n-eintiteas údaraithe i dtíortha allmhairíochta – féach an staidéar lch. 67.
([33]) An staidéar, lch. 31.

chatalóga na n-eintiteas údaraithe sna Ballstáit sin, agus go bhfuil i bhfad níos mó teideal ag eintitis údaraithe san Fhionlainn agus sa Danmhairg ná mar atá ag eintitis údaraithe sa Chróit nó sa Liotuáin.

Sainaithníodh feasacht na dtairbhithe (daoine faoi mhíchumas) maidir le cén áit agus conas cóipeanna i bhformáid inrochtana a aimsiú mar dhúshlán freisin, le linn an chomhairliúcháin spriocdhírithe agus an ghlao ar fhianaise araon. Fuarthas amach i dtaighde a foilsíodh in 2023 freisin nach raibh tairbhithe agus ionadaithe eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas ar an eolas i gcónaí faoin gcaoi ar féidir le creat Marrakech dul chun tairbhe dóibh([34]). Tugtar le fios san alt go bhféadfadh sé go mbeadh feasacht níos fearr ag daoine atá dall ar Chonradh Marrakech ná daoine a bhfuil lagú amhairc orthu, rud a d'fhéadfadh a bheith nasctha leis na modhanna éagsúla a úsáidtear chun rochtain a fháil ar shaothair (e.g. eisceachtaí cóipchirt a úsáid chun cóipeanna braille a tháirgeadh do dhaoine atá dall agus a úsáideann méadaitheoirí amhairc do dhaoine a bhfuil lagú amhairc orthu) ([35])

Chuir eintitis údaraithe áirithe in iúl freisin a thábhachtaí atá sé go mbeadh rochtain ag tairbhithe ar theicneolaíocht lena gceadaítear dóibh formáidí digiteacha inrochtana a úsáid, rud atá fós tite ar gcúl. Leag eintitis údaraithe béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le freastal ar riachtanais éagsúla tairbhithe, mar shampla trí chomhoibriú le líonraí leabharlainne chun cóipeanna fisiciúla a sholáthar do thairbhithe tríd an leabharlann áitiúil.

Dá bhrí sin, cé go bhfuil méadú tagtha ar an líon tairbhithe agus ar líon na saothar i bhformáid inrochtana sa tréimhse thagartha, measann na hinstitiúidí sin go bhfuil tosca áirithe nach bhfuil nasctha go díreach le rialacha Marrakech – go háirithe infhaighteacht acmhainní na n-eintiteas údaraithe – ina mbacainn ar níos mó cóipeanna inrochtana a sholáthar.

Tionchar na scéimeanna cúitimh

Tá na scéimeanna cúitimh éagsúil i measc na sé Bhallstát a thug isteach iad: i gceithre Bhallstát, tá na scéimeanna cúitimh teoranta d'earnálacha áirithe (oideachas), d'fhormáidí áirithe (e.g. closleabhair) nó do mhodhanna seachadta áirithe (e.g. íoslódáil), agus in dhá Bhallstát níl difreálacha den sórt sin sa scéim cúitimh, agus dá bhrí sin tá feidhm acu maidir leis na húsáidí a bhaineann eintitis údaraithe a chumhdaítear le Treoir Marrakech.

Rinneadh comparáid sa staidéar idir an méadú ar líon na gcatalóg, sa tréimhse thagartha, de 5 eintiteas údaraithe atá i láthair in 4 Bhallstát le scéimeanna cúitimh, agus 19 n-eintiteas údaraithe in 12 Bhallstát gan scéimeanna cúitimh. Cé go léiríonn na sonraí gur tháinig méadú níos mó ar líon foriomlán na dteideal sna 19 n-eintiteas údaraithe ná mar a tháinig sna 5 eintiteas údaraithe ó na Ballstáit a bhfuil scéimeanna cúitimh acu, ní mór na sonraí a

([34]) Ferri, Delia agus Rossello, Giulia (2023) Ról Chonradh Marrakech maidir le Tacú le Rochtain ar Ábhar Priontáilte do Dhaoine Dalla nó do Dhaoine Lagamhairc: Plé Criticiúil ar Thorthaí Staidéir Eimpíreacha a Seoladh i Sé Thír Eorpacha, *Míchumais*, 3 (2), lch. 162.

([35]) Ferri, Delia agus Rossello, Giulia (2023) Ról Chonradh Marrakech maidir le Tacú le Rochtain ar Ábhar Priontáilte do Dhaoine Dalla nó do Dhaoine Lagamhairc: Plé Criticiúil ar Thorthaí Staidéir Eimpíreacha a Seoladh i Sé Thír Eorpacha, *Míchumais*, 3 (2), lch. 162.

láimhseáil go cúramach. Mar a mhínítear sa staidéar féin, tá na sonraí an-teoranta agus b'fhéidir nach bhfuil siad ionadaíoch, agus ní cheadaíonn siad comhghaolú idir an easpa scéimeanna cúitimh agus an méadú ar líon na gcóipeanna i bhformáidí inrochtana. Is amhlaidh go bhféadfadh tosca eile a bheith ina gcúis leis an difríocht i ráta méadaithe na gcatalóg cóipeanna i bhformáid inrochtana, amhail go bhféadfadh sé go raibh bailiúchán fairsing teideal cheana féin ag eintitis údaraithe sna Ballstáit a thug scéimeanna cúitimh isteach, agus d'fhéadfadh eintitis údaraithe eile tosú ar a mbailiúchán a fhorbairt le linn na tréimhse tagartha. Mar shampla, mar a luadh roimhe seo, tá i bhfad níos mó teideal ag an bhFionlainn agus ag an Danmhairg (i gcás ina bhfuil scéim cúitimh i bhfeidhm) ná ag eintitis údaraithe sa Chróit nó sa Liotuáin, áit nach bhfuil feidhm ag aon scéim cúitimh ([36]). Ar an iomlán, ní féidir teacht ar chonclúid maidir le tionchar na comparáide sin mar gheall ar an easpa sonraí comhthéacsúla.

Sna freagraí a thug siad ar an nglao ar fhianaise, ní hionann tuairimí na bpáirtithe leasmhara i measc na ngrúpaí a ndeachthas i gcomhairle leo. Cuireann sealbhóirí cirt i bhfios go láidir go bhfuil gá le scéimeanna cúitimh chun leasanna sealbhóirí cirt a chosaint agus gur cheart dóibh méid agus modh úsáide na formáide inrochtana a léiriú go cruinn([37]), agus áitíonn ionadaithe tairbhithe gur cheart deireadh a chur leis na scéimeanna cúitimh ([38]), go háirithe á lua go gcruthaíonn scéimeanna cúitimh bacainní agus nár cheart d'eintitis údaraithe, a oibríonn ar bhonn neamhbhrabúsach, a bheith ag íoc as obair ar cheart d'fhoilsitheoirí féin a dhéanamh. Measann beirt fhreagróirí a dhéanann ionadaíocht ar thairbhithe go bhfuil scéimeanna cúitimh in aghaidh mheon Chonradh Marrakech, in ainneoin go gceadaítear na scéimeanna sin go sainráite sa Chonradh. Cé go gceadaítear le Conradh Marrakech do pháirtithe conarthacha cinneadh a dhéanamh maidir le luach saothair a sholáthar do shealbhóirí cirt as úsáidí faoin eisceacht chóipchirt a tugadh isteach le Conradh Marrakech, foráiltear le dlí an Aontais go bhfuil teorainn leis an bhféidearthacht atá ag a Bhallstáit foráil a dhéanamh maidir le scéimeanna cúitimh den sórt sin.

Go háirithe, ní féidir feidhm a bheith ag na scéimeanna ach amháin maidir le heintitis údaraithe agus níor cheart íocaíochtaí ó dhaoine is tairbhithe a cheangal orthu (féach aithris 14). Dá réir sin, tá an rogha in Airteagal 3(6) de Threoir Marrakech a thug reachtóir an Aontais do na Ballstáit comhsheasmhach leis an gConradh.

Thairis sin, is cosúil go bhfuil éagsúlacht ann freisin maidir leis an dearcadh ar thionchar na scéimeanna cúitimh ag brath ar dhearadh agus ar mhaoiniú na scéime sa Bhallstát sonrach. Eintitis údaraithe ó na Ballstáit ina gcumhdaíonn leibhéal an chistithe ón stát an cúiteamh atá dlite freisin, agus i gcás ina bhfuil an scéim cúitimh teoranta do chineálacha áirithe úsáidí nó oibreacha, is cosúil gur dóchúla go measfaidh siad nach bhfuil tionchar ag an scéim cúitimh

([36]) 69 021 teidil san Fhionlainn agus 84 000 sa Danmhairg; 7 727 sa Chróit agus 15 433 sa Liotuáin (féach an staidéar, lch. 215).

([37]) Féach na freagraí ar an nglao ar fhianaise ó Chomhairle Scríbhneoirí na hEorpa, FEP, ALIS, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13615-EU-copyright-law-for-blind-and-visually-impaired-people-evaluation-of-the-Marrakesh-Directive-and-Regulation_en.

([38]) Féach na freagraí ar an nglao ar fhianaise, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13615-EU-copyright-law-for-blind-and-visually-impaired-people-evaluation-of-the-Marrakesh-Directive-and-Regulation_en.

ar tháirgeadh cóipeanna i bhformáid inrochtana, nó nach bhfuil tionchar aici ar tháirgeadh cóipeanna i bhformáid inrochtana ar bhonn níos teoranta. I mBallstáit eile a bhfuil scéimeanna cúitimh acu, fiú má tá an cúiteamh foriomlán a íoctar go bliantúil íseal, d'fhéadfadh páirtithe leasmhara a mheas go bhfuil an tionchar tábhachtach mura meastar go bhfuil an buiséad ard go leor (go háirithe má bhíonn eintitis údaraithe ag brath ar thabhartais dá gcistiú).

Is deacair freisin an comhghaol idir scéimeanna cúitimh agus malartú trasteorann a chainníochtú nó a bhunú, go háirithe ós rud é go ndéanann tosca éagsúla difear do mhalartuithe idir na Ballstáit agus le tríú tíortha, atá nasctha go háirithe le teanga choiteann a chomhroinnt, chomh maith le húsáid na teicneolaíochta i gcásanna áirithe (idir-inoibritheacht formáidí agus meiteashonraí) ([39]). Cé nach bhfuil sonraí cainníochtúla ar fáil chun na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a chinneadh, áitíonn páirtithe leasmhara áirithe gur lú a bhíonn eintitis údaraithe rannpháirteach i malartuithe trasteorann, go háirithe mar gheall ar éiginnteachtaí maidir leis an gcur i bhfeidhm ar scaipeadh trasteorann agus an deacracht a bhaineann le cúiteamh le haghaidh onnmhairí a ríomh, rud a d'fhéadfadh iad a dhíspreagadh páirt a ghlacadh i malartuithe den sórt sin. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil ábhair imní den sórt sin maidir le tionchar scéimeanna cúitimh ar mhalartú trasteorann idir na Ballstáit dírithe ar thíortha ar leith, agus d'fhéadfadh sé gurb é dearadh agus cur i bhfeidhm praiticiúil scéimeanna cúitimh agus an éiginnteacht a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin is cúis leis sin. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a mheabhrú nár cheart feidhm a bheith acu ach amháin maidir le húsáidí na n-eintiteas údaraithe atá bunaithe ar chríoch an Bhallstáit a fhorálann don scéim sin agus níor cheart go gcuirfeadh siad de cheangal ar eintitis údaraithe atá bunaithe i mBallstáit eile nó i dtríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech íocaíocht a dhéanamh.

Iarmhairtí neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ann - tionchar féideartha ar an margadh tráchtála

Mar thoradh ar an gceist maidir le cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag creat Marrakech ar an margadh tráchtála, tá an fhoráil shonrach in Airteagal 10(3) de Threoir Marrakech. De réir na forála sin, féadfaidh Ballstát an Coimisiún a chur ar an eolas má tá cúiseanna bailí acu lena mheas go raibh tionchar diúltach nach beag ag cur chun feidhme na Treorach ar infhaighteacht tráchtála saothar nó ábhair eile i bhformáidí inrochtana do dhaoine is tairbhithe , agus an fhianaise ábhartha uile á soláthar. Ceanglaítear ar an gCoimisiún fianaise den sórt sin a chur san áireamh agus an tuarascáil mheastóireachta á tarraingt suas aige.

Agus an tuarascáil sin á dréachtú, níor chuir aon Bhallstát fianaise faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Threoir Marrakech.

([39]) An staidéar, lch. 76.

Níor chuir na sonraí a bailíodh le linn ullmhú na meastóireachta sin fianaise den sórt sin ar fáil ach oiread. Tugadh faoi deara sa staidéar go bhfuil easpa sonraí cuimsitheacha ann maidir leis an margadh foilsitheoireachta inrochtana ([40]).

Le linn an chomhairliúcháin spriocdhírithe, níor shainaithin formhór na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo tionchar diúltach rialacha Marrakech ar na dreasachtaí le haghaidh táirgeadh tráchtála. Tharraing páirtí leasmhar amháin aird ar thionchar dearfach indíreach chreat Marrakech ar an margadh foilsitheoireachta, toisc go measann siad go bhfuil comhordú agus malartú méadaithe idir foilsitheoirí agus eintitis údaraithe mar thoradh air ([41]).

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ní féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil tionchar diúltach nach beag ag creat Marrakech ar infhaighteacht tráchtála saothar i bhformáid inrochtana. Dá bhrí sin, ní gá, leis na sonraí atá ann faoi láthair, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige atá ann faoi láthair maidir le hinfhaighteacht tráchtála saothar i bhformáid inrochtana a sheiceáil.

Tionchar féideartha ar spriocanna sóisialta níos leithne

Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go raibh tionchair dhearfacha ag creat Marrakech ar réimsí amhail cuimsiú sóisialta agus comhionannas i gcoitinne([42]) , deiseanna foghlama a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine fásta([43]) , agus obair, cultúr agus rannpháirtíocht an phobail([44]) . Mar sin féin, is deacair a chinneadh ar bhonn na sonraí atá ar fáil don mheastóireacht seo a mhéid a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag creat Marrakech ar na spriocanna sóisialta níos leithne sin. Luaigh páirtithe leasmhara freisin deacrachtaí leanúnacha, a théann níos faide ná creat Marrakech, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na spriocanna sin, amhail infhaighteacht neamhleor téacsleabhar i bhformáidí inrochtana, inrochtaineacht neamhleor ar ardáin foghlama digití, an gá atá le hoiliúint leordhóthanach na múinteoirí agus na leabharlannaithe([45]).

Leis an malartú trasteorann a éascaítear le creat Marrakech, is féidir saothair i bhformáidí inrochtana a sheoladh chuig eisimircigh i mBallstáit eile nó freastal ar riachtanais daonraí

([40]) An staidéar, lch. 67.
([41]) Freagairt ar an nGlao ar Fhianaise ó Chomhairle Scríbhneoirí na hEorpa, atá le fáil ag dlí cóipchirt an Aontais do dhaoine dalla agus do dhaoine lagamhairc – meastóireacht ar Threoir agus Rialachán Marrakech (europa.eu).
([42]) Freagraí ar an nGlao ar Fhianaise ó shaoránach den Aontas agus Nota, 2023, atá le fáil ag dlí cóipchirt an Aontais do dhaoine dalla agus do dhaoine lagamhairc – meastóireacht ar Threoir agus Rialachán Marrakech (europa.eu).
([43]) Freagra ar an nGlao ar Fhianaise ó Nota, 2023; le fáil ag dlí cóipchirt an Aontais do dhaoine dalla agus do dhaoine lagamhairc – meastóireacht ar Threoir agus Rialachán Marrakech (europa.eu); agallaimh a rinne an fhoireann staidéir le hAontas na nDall san Eoraip agus le Eureka Leuven, 2023.
([44]) Freagairt ar an nGlao ar Fhianaise ó Nota, 2023, atá le fáil ag dlí cóipchirt an Aontais do dhaoine dalla agus do dhaoine lagamhairc – meastóireacht ar Threoir agus Rialachán Marrakech (europa.eu).
([45]) Agallamh ag an bhfoireann staidéir leis an bhFóram Eorpach maidir leis an Míchumas, le Comhairle Scríbhneoirí na hEorpa, le Cónaidhm na Gearmáine um Dhaoine Dalla agus Leathdhalla, Leabharlann Inrochtaineachta Celia agus Eureka Leuven

mionlaigh nó dídeanaithe trí oibreacha a allmhairiú ó thíortha a chomhroinneann teanga na gcatagóirí sin. D'fhéadfaí breathnú ar an gcreat freisin mar chreat a rannchuidigh le feasacht, go háirithe i measc foilsitheoirí, ar na dúshláin atá os comhair daoine faoi mhíchumas([46]).

IV. ÉIFEACHTÚLACHT

Léiríodh teorainneacha tábhachtacha san anailís ar an éifeachtúlacht i gcomhthéacs na meastóireachta sin, toisc nach raibh dóthain sonraí ar fáil chun an tionchar a bhí ag cur i bhfeidhm rialacha Marrakech a chainníochtú. Bhí mionsonraí teoranta maidir le buiséad na n-eintiteas údaraithe agus a leithdháiltí i gcuid mhaith de na sonraí cainníochtúla a bailíodh nó níor bhain siad ach le heintiteas údaraithe sonrach. Dá bhrí sin, braitheann an measúnú den chuid is mó ar shonraí cáilíochtúla a bhreithniú.

Fiú sular glacadh Treoir agus Rialachán Marrakech, le dlí an Aontais, go háirithe Airteagal 5(3)(b) de Threoir na Sochaí Faisnéise, tugadh an rogha do na Ballstáit eisceacht nó teorainn ó chóipcheart a thabhairt isteach chun tairbhe daoine faoi mhíchumas. Bhain na Ballstáit úsáid as an rogha sin chun an eisceacht nó an teorainn a chur chun feidhme ina reachtaíocht náisiúnta, ach chruthaigh na héagsúlachtaí i dtéarmaí raon feidhme an chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta ualaí ar mhalartú trasteorann cóipeanna i bhformáid inrochtana ([47]). Mhaolaigh creat Marrakech na difríochtaí sin agus mhéadaigh sé deimhneacht dhlíthiúil trí raon feidhme na dtairbhithe a chumhdaítear a shoiléiriú, chomh maith le raon feidhme na ngníomhartha ábhartha cóipchirt a d'fhéadfaí a dhéanamh. Mar a mhínítear sa roinn thuas, tháinig méadú ar an líon tairbhithe a cumhdaíodh agus a d'éascaigh malartuithe trasteorann mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, baineann daoine faoi mhíchumas tairbhe as rochtain fheabhsaithe ar chóipeanna i bhformáid inrochtana, agus is dócha go soláthróidh eintitis údaraithe seirbhísí do bhonn úsáideoirí níos mó agus go nglacfaidh siad páirt i níos mó malartuithe trasteorann.

Cé go n-úsáideann eintitis údaraithe acmhainní chun cóipeanna i bhformáid inrochtana a tháirgeadh, ní fhorchuirtear na costais sin orthu le creat Marrakech, arb é is aidhm dó a ngníomhaíocht a éascú maidir le cóipeanna i bhformáid inrochtana a tháirgeadh agus a mhalartú trí dheimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe. Thuairiscigh formhór na n-eintiteas údaraithe a cuireadh faoi agallamh leis an staidéar nach ndearnadh athruithe móra ar chostais táirgthe tar éis chur chun feidhme chreat Marrakech.

An tráth céanna, chruthaigh an comhchuibhiú a tugadh isteach le creat Marrakech coigilteas d'eintitis údaraithe, ós rud é go bhféadfaí cóipeanna i bhformáid inrochtana a fháil ar bhealach níos éasca trí mhalartú trasteorann, rud a chuideodh le dúbailt gníomhaíochta a chosc. Chuir eintiteas údaraithe amháin in iúl, mar shampla, go raibh coigilteas thart ar

([46]) Agallaimh a rinne an fhoireann staidéir le Lárionad na Gearmáine um Léitheoireacht Inrochtana, le hAontas na nDall san Eoraip, le Comhairle Scríbhneoirí na hEorpa, agus le Luisterpuntbibliotheek, 2023.

([47]) An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach agus Seirbhísí, Francquen, A., Dusollier, S., Triaille, J. et al., staidéar ar chur i bhfeidhm Threoir 2001/29/CE maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise ('Treoir na Sochaí Faisnéise'), an Coimisiún Eorpach, 2013, https://data.europa.eu/doi/10.2780/90141, lgh. 420-437.

EUR 133 000 thar thréimhse 3 bliana go leith mar thoradh ar na malartuithe trasteorann, laistigh agus lasmuigh den Aontas. Le comhchuibhiú rialacha an Aontais, laghdaíodh freisin an gá atá le seiceáil a dhéanamh ar na rialacha náisiúnta cóipchirt atá i bhfeidhm sna tíortha cinn scríbe.

Eintitis údaraithe a dhéanann cóipeanna i bhformáid inrochtana a dháileadh, a chur in iúl don phobal nó a chur ar fáil don phobal, tá siad faoi réir rialacha áirithe faoin gcreat. Tá siad sin teoranta do dháileadh neamhúdaraithe cóipeanna i bhformáid inrochtana a chosc, agus do chead a thabhairt do thairbhithe, do shealbhóirí cirt agus d'eintitis údaraithe eile faisnéis ábhartha a fháil. Tá cleachtais na n-eintiteas údaraithe ina leith sin éagsúil ([48]), ach níl aon sonraí beachta ann chun na hacmhainní a úsáidtear chuige sin a chainníochtú. An tráth céanna, ní fhorchuirtear leis an gcreat oibleagáidí ar na heintitis údaraithe a d'fhéadfadh bac a chur ar tháirgeadh cóipeanna i bhformáid inrochtana agus a d'fhéadfaí a mheas mar ualach. Mar shampla, cuireann an creat cosc ar oibleagáid a chur ar eintitis údaraithe réamhfhíorú a áirithiú maidir le hinfhaighteacht tráchtála saothar i bhformáidí inrochtana. Ina theannta sin, ní sholáthraítear leis an gcreat nós imeachta sonrach um údarú, lena soiléirítear i ndáil leis sin nár cheart go gcuirfeadh ceanglais údaraithe nó aitheantais, mar shampla ceanglais a bhaineann le soláthar seirbhísí de chineál ginearálta do thairbhithe, cosc ar eintitis údaraithe tabhairt faoi na gníomhaíochtaí a cheadaítear faoi ionstraimí Marrakech.

Ní bhaineann an creat le saincheisteanna a bhaineann le heintitis údaraithe a mhaoiniú. Ar mhéideanna éagsúla, maoinítear buiséid na n-eintiteas údaraithe i bhformhór na mBallstát ó chistí poiblí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh tairbhithe rannchuidiú freisin le cistí eintiteas údaraithe trí thabhartais. Is iad na húdaráis náisiúnta a íocann na costais a bhaineann go ginearálta le forfheidhmiú na rialacha, cé nach leagtar amach aon oibleagáid faireacháin sonrach sa chreat.

Cé nach féidir teacht ar chonclúidí daingne atá bunaithe ar shonraí cainníochtúla leis an bhfaisnéis atá ar fáil, níor nochtadh leis an meastóireacht ualaí neamhriachtanacha a tugadh isteach leis an gcreat agus ní cosúil go bhfuil gá le simpliú agus cuichóiriú. Le Treoir agus Rialachán Marrakech, ní fhorchuirtear nós imeachta údaraithe sonrach ar eintitis údaraithe, cuirtear cosc ar réamhsheiceálacha ar infhaighteacht tráchtála, agus ní áirítear oibleagáidí tuairiscithe éigeantacha d'eintitis údaraithe d'údaráis náisiúnta. Ní gá do na Ballstáit ach faisnéis a tharchuirtear go deonach chucu maidir le sonraí teagmhála eintiteas údaraithe atá i mbun malartú trasteorann a thuairisciú don Choimisiún. Tá na ceanglais riaracháin teoranta don mhéid is gá chun a áirithiú go mbeidh cóipeanna i bhformáid inrochtana ar fáil, chun úsáidí neamhúdaraithe a chosc agus chun trédhearcacht a éascú. Leis an idirghabháil, lena bhfeabhsaítear infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana do thairbhithe agus lena gcruthaítear coigilteas trí dheimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe, baintear amach a spriocanna ar bhealach éifeachtúil.

([48]) Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an staidéar.

Tionchar ar éifeachtúlacht scéimeanna cúitimh

Maidir le sealbhóirí cirt, measadh go mbeadh tionchar teoranta ag na rialacha ar a gcóipcheart mar cheart maoine (a aithnítear le hAirteagal 17 den Chairt), ós rud é go bhfuil Treoir Marrakech teoranta do chomhchuibhiú iomlán a dhéanamh ar na heisceachtaí nó na teorainneacha cóipchirt éagsúla atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta sular glacadh Treoir Marrakech, agus do mhalartú trasteorann formáidí inrochtana a éascú ([49]). D'fhéadfadh roinnt éagsúlachtaí i dtionchair i gcomparáid leis an tréimhse roimh Marrakech a bheith mar thoradh ar fheabhas a chur ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana, lena n-áirítear an méadú ar an líon tairbhithe (mar a shonraítear sa roinn maidir le héifeachtacht). Aithnítear i dTreoir Marrakech an fhéidearthacht scéimeanna cúitimh a choinneáil nó a thabhairt isteach agus soiléirítear an tráth céanna gur cheart aird chuí a thabhairt, agus leibhéal an chúitimh á chinneadh, ar chineál neamhbhrabúsach ghníomhaíochtaí na n-eintiteas údaraithe, ar na cuspóirí leasa phoiblí a shaothraítear leis an Treoir seo, ar leasanna thairbhithe na heisceachta, ar an díobháil a d'fhéadfaí a dhéanamh do shealbhóirí cirt agus ar an ngá atá le scaipeadh trasteorann cóipeanna i bhformáid inrochtana a áirithiú. Ní mór cúinsí sonracha gach cáis a eascraíonn as cóip i bhformáid inrochtana ar leith a chur san áireamh freisin. Nuair is beag an díobháil a dhéanfaí do shealbhóir cirt, níor cheart go dtiocfadh aon oibleagáid maidir le híocaíocht cúitimh chun cinn. Sna Ballstáit a bhfuil scéimeanna cúitimh i bhfeidhm acu, tabhaíonn eintitis údaraithe atá nasctha le híocaíocht an chúitimh costais, lena n-áirítear ríomh agus dáileadh na dtáillí ag na heintitis údaraithe. Ós rud é go raibh cuid de na scéimeanna cúitimh náisiúnta i bhfeidhm freisin sular glacadh creat Marrakech, nó gur cuireadh oibleagáidí eile ina n-ionad, ní costais nua iad na costais ghaolmhara de ghnáth.

De réir na faisnéise a bailíodh sa staidéar, d'fhéadfadh difríocht nach beag a bheith idir an cúiteamh foriomlán a íocadh i measc na mBallstát, idir EUR 27 000 sa Ghearmáin, EUR 159 000 san Fhionlainn, EUR 1 mhilliún sa tSualainn agus EUR 1.7 milliún sa Danmhairg. Is cosúil go n-athraíonn an tionchar a bhaineann le páirtithe leasmhara le scéimeanna cúitimh ag brath ar shamhail deartha agus maoinithe scéimeanna cúitimh náisiúnta. Mar a mhínítear sa roinn maidir le héifeachtacht, fiú dá bhféadfadh an cúiteamh foriomlán a íoctar go bliantúil a bheith íseal, d'fhéadfadh páirtithe leasmhara a mheas go bhfuil an tionchar tábhachtach mura meastar go bhfuil buiséad na n-eintiteas údaraithe ard go leor (go háirithe má bhíonn eintitis údaraithe ag brath ar thabhartais dá gcistiú).

Chomh maith leis an gcistiú atá ar fáil do na heintitis údaraithe, is cosúil go n-athraíonn na costais riaracháin a bhaineann, mar shampla, le scéimeanna cúitimh a ríomh agus a íoc ag

([49]) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáidí ceadaithe áirithe saothar áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile agus lena leasaítear Treoir 2001/29/CE maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise, COM(2016) 596 final, 2016/0278 (COD), lch. 6;
Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an malartú trasteorann idir an tAontas agus tríú tíortha de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile, 2016/595 (COD), COM(2016) 0279 final, lch. 5.

brath ar dhigitiú agus uathoibriú na próiseála sonraí, ach níl aon sonraí beachta ar fáil chun na costais sin a chinneadh.

Tosca a chuireann le cur chun feidhme éifeachtúil Threoir Marrakech

Ag brath ar an gcomhthéacs institiúideach agus margaidh ar leith sna Ballstáit, is féidir le tosca áirithe rannchuidiú le cur chun feidhme éifeachtúil Threoir Marrakech.

Go háirithe, is féidir le lárú nó comhar méadaithe idir eintitis údaraithe barainneachtaí scála a éascú chomh maith le rochtain a éascú do thairbhithe. Sa bhreis ar thionscnamh ABC WIPO, forbraíodh tionscnaimh chomhair bhreise ar an leibhéal náisiúnta lena nasctar na heintitis údaraithe atá ag feidhmiú sa chríoch sin, nó eintitis údaraithe atá i láthair sa limistéar teanga céanna (e.g. idir eintitis údaraithe san Ostair, sa Ghearmáin agus san Eilvéis) nó lena nasctar eintitis údaraithe le haghaidh tionscadail shonracha (e.g. comhar idir eintitis údaraithe i dtíortha Nordacha chun táirgeadh a chomhordú agus costais a chomhroinnt chun cóipeanna a sholáthar i dteanga mionlaigh eitnigh).

Thairis sin, is féidir le foirmeacha comhair idir eintitis údaraithe agus foilsitheoirí amhail cóipeanna i bhformáid inrochtana a tháirgeadh nó faisnéis agus teidil a chomhroinnt a bheith costéifeachtúil agus dúbláil a chosc.

Tá rochtain tairbhithe ar theidil atá ar fáil á héascú ag eintitis údaraithe áirithe trí chatalóga ar líne. An tráth céanna, níl an t-eolas ná an rochtain ar an teicneolaíocht ag gach tairbhí chun rochtain a thabhairt dóibh trí chatalóg ar líne. Is cosúil go bhfuil cleachtais éagsúla chun freastal ar riachtanais éagsúla na dtairbhithe agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil dóibh (e.g. comhoibriú le líonraí leabharlann, modhanna malartacha teagmhála, oiliúna a chur ar fáil) ábhartha freisin chun rochtain a fheabhsú.

Is féidir le leibhéal digitithe na n-eintiteas údaraithe agus idir-inoibritheacht na bhformáidí a úsáideann siad cuidiú le costais riaracháin agus oibríochtúla a íoslaghdú agus malartuithe trasteorann a éascú a thuilleadh agus ualaí riaracháin a bhaineann le hobair tiontúcháin a íoslaghdú (go háirithe mar mhalairt le tríú tíortha).

Ba cheart lánurraim a thabhairt don oibleagáid a fhorchuirtear ar eintitis údaraithe in Airteagal 5(1)(b) den Treoir bearta iomchuí a dhéanamh chun atáirgeadh neamhúdaraithe, dáileadh neamhúdaraithe, cumarsáid neamhúdaraithe leis an bpobal nó cur ar fáil don phobal cóipeanna i bhformáid inrochtana a dhíspreagadh, agus é á áirithiú an tráth céanna nach gcruthaíonn sí bacainní ar rochtain do thairbhithe. Cé nach bhfuil aon fhaisnéis bheacht ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na modhanna a úsáideann eintitis údaraithe chun scaipeadh neamhúdaraithe cóipeanna i bhformáid inrochtana a chosc, tugtar le fios in agallaimh le páirtithe leasmhara go laghdaíonn cosaint pasfhocail agus fíordheimhniú dhá fhachtóir inrochtaineacht do thairbhithe agus go seachnaíonn eintitis údaraithe iad. Ar an taobh eile, is cosúil go soláthraíonn marcáil uisce cóimheas maith costais is tairbhe chun cosc a chur ar scaipeadh neamhúdaraithe cóipeanna in-íoslódáilte i bhformáidí neamhspeisialaithe. Ar bhonn níos ginearálta, tá níos mó meáchain fós ag baint leis na bearta a chuirtear i

bhfeidhm chun úsáidí neamhúdaraithe a chosc i gcás ina bhfuil na cóipeanna a sholáthraíonn na heintitis údaraithe ar ardchaighdeán agus i bhformáidí (ríomhleabhair, closleabhair) ar féidir leis an bpobal i gcoitinne taitneamh a bhaint astu go teoiriciúil.

V. COMHLEANÚNACHAS

Rannchuidíonn Treoir agus Rialachán Marrakech le feabhas a chur ar rochtain ar shaothair chultúrtha, ar ábhar oideachais agus ar fhaisnéis do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le cuspóir Airteagal 30 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) Moladh cur chun feidhme Chonradh Marrakech i ndlí an Aontais sna barúlacha ó Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas maidir leis an tuarascáil tosaigh ón Aontas Eorpach, i ndáil le hAirteagal 30 den Choinbhinsiún ([50]).

Tá Treoir agus Rialachán Marrakech comhleanúnach le cuspóirí agus raon feidhme pearsanta agus ábhartha Chonradh Marrakech freisin.

Ar leibhéal an Aontais, tá Treoir agus Rialachán Marrakech comhleanúnach le hionstraimí eile an dlí maidir le cóipcheart AE, go háirithe le Treoir 2001/29 lena gceadaítear do na Ballstáit eisceachtaí a bheith acu ina reachtaíocht náisiúnta maidir le míchumais nó cineálacha eile saothar seachas na cinn a thagann faoi raon feidhme Threoir Marrakech ([51]).

Tá ionstraimí Marrakech comhleanúnach le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh freisin, lena gcuirtear toirmeasc ar gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear ar fhorais mhíchumais, agus lena bhforáiltear go n-aithníonn agus go n-urramaíonn an tAontas an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas tairbhe a bhaint as bearta atá ceaptha chun a neamhspleáchas, a lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú.

Tá ionstraimí Marrakech comhleanúnach le reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena dtugtar aghaidh ar mhíchumas sa timpeallacht dhigiteach, amhail an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin([52]), Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc ([53]) agus an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht ([54]) (an Ionstraim Inrochtaineachta), Baineann an chéad dá cheann le hearnálacha éagsúla seachas na saothair scríofa a chumhdaítear le creat Marrakech (is é sin, suíomhanna gréasáin na hearnála poiblí agus seirbhísí meán closamhairc faoi seach)

([50]) https://digitallibrary.un.org/record/812354?ln=en&v=pdf.
([51]) Le hAirteagal 8 de Threoir Marrakech leasaítear Airteagal 5(3)(b) de Threoir na Sochaí Faisnéise chun foráil a dhéanamh go bhfuil an Treoir sin ‘gan dochar d’oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir (AE) 2017/1564 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle’.
([52]) Treoir (AE) 2016/2102 maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí IO L 327, 2.12.2016, lch. 1.
([53]) Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (Leagan códaithe) IO L 95, 15.4.2010, lch. 1.
([54]) Treoir (AE)2019/882 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, IO L 151, 7.6.2019, lch. 70.

agus tugann siad aghaidh ar inrochtaineacht na seirbhísí sin le huirlisí dlíthiúla eile seachas reachtaíocht cóipchirt.

Is é is aidhm don Ionstraim Inrochtaineachta feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh táirgí agus seirbhísí inrochtana, trí rialacha comhchoiteanna a thabhairt isteach maidir le hinrochtaineacht agus, ar an gcaoi sin, deireadh a chur le bacainní a chruthaítear le rialacha éagsúla sna Ballstáit. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ach táirgí ar an margadh agus nach soláthróidh siad ach seirbhísí a chomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach sa ghníomh seo. Cumhdaítear leis sin, i measc nithe eile, ríomhleabhair agus bogearraí tiomnaithe chomh maith le ríomhléitheoirí. Leis na bearta, a bhfuil feidhm acu ón 28 Meitheamh 2025, ní athraítear rialacha cóipchirt Threoir agus Rialachán Marrakech. Tá feidhm ag an dá bheart i gcomhthráth, agus áirithíonn an Ionstraim Inrochtaineachta infhaighteacht mhéadaithe ríomhleabhar inrochtana, agus leanfadh ionstraimí Marrakech de chead a thabhairt do thairbhithe agus d'eintitis údaraithe saothair fhoilsithe i scríbhinn a oiriúnú ina gcóipeanna i bhformáidí inrochtana do dhaoine a bhfuil lagú amhairc agus léitheoireachta nó míchumais a bhaineann le cló orthu. Leag ionadaithe na sealbhóirí cirt agus eintitis údaraithe araon béim ar a thábhachtaí atá sineirgí agus comhar i gcur chun feidhme rianúil na hIonstraime Inrochtaineachta agus chun comhlántacht idir na píosaí reachtaíochta sin a áirithiú.

De réir ionadaithe na sealbhóirí cirt, bheadh cur chun feidhme na hIonstraime Inrochtaineachta níos ábhartha dá n-áiritheofaí nach gcuirfeadh rialacha Marrakech isteach ar ghnáthshaothrú na hoibre.

Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris 14, d'fhéadfadh oibleagáid shainráite chun infhaighteacht tráchtála a fhíorú tionchar a imirt ar dheimhneacht dhlíthiúil le haghaidh eintitis údaraithe. Thairis sin, ní gá go bhfuil ríomhleabhair inrochtana arna dtáirgeadh ag an margadh faoin Ionstraim Inrochtaineachta ag freagairt do riachtanais shonracha éagsúla na dtairbhithe a chumhdaítear le Treoir Marrakech. Is dócha([55]) go rachaidh na heintitis údaraithe in oiriúint do phraiticiúlacht an chomhthéacs nua agus go stiúrfaidh siad a n-acmhainní chun freastal ar riachtanais nach bhfreastalaíonn an margadh orthu ([56]).

Is cosúil go bhfuil ionstraimí Marrakech comhleanúnach go hinmheánach freisin, agus forálacha ailínithe lena phríomhsprioc infhaighteacht saothar i bhformáidí inrochtana a mhéadú, agus cothromaíocht na gceart agus na leasanna idir sealbhóirí cirt agus úsáideoirí á gcosaint an tráth céanna.

Chun leasanna sealbhóirí cirt a chosaint, mar a pléadh freisin sna ranna roimhe seo, cuirtear oibleagáidí áirithe i bhfeidhm ar na heintitis údaraithe chun úsáid neamhúdaraithe a chosc. Bheadh sealbhóirí cirt i bhfabhar grinnscrúdú níos dlúithe ag údaráis náisiúnta ar an gcaoi a gcomhlíonann eintitis údaraithe na hoibleagáidí, go háirithe chun scaipeadh neamhúdaraithe a

([55]) Mar shampla, thuairiscigh AE amháin gur dócha go n-aistreoidh a bhfócas chuig daoine faoi mhíchumas léitheoireachta cló a bhfuil saincheisteanna cognaíocha acu (féach an staidéar, lch. 96).

([56]) Chun tuilleadh plé a dhéanamh ar thionchar na hIonstraime Inrochtaineachta, féach freisin Roinn VII (ábharthacht).

chosc. Áitíonn sealbhóirí cirt áirithe freisin go bhféadfadh faisnéis chuimsitheach maidir leis na heintitis údaraithe atá ag feidhmiú i mBallstát comhar a éascú a thuilleadh (mar shampla comhroinnt comhad ag sealbhóirí cirt). An tráth céanna, thug tairbhithe rabhadh go bhfuil na ceanglais i mBallstáit áirithe maidir le heintitis údaraithe a áireamh ar liosta formheasta contrártha do Chonradh Marrakech ([57]).

Mar a shonraítear sa roinn tosaigh, cuireann an Treoir cosc ar choinníollacha a thabhairt isteach maidir le dul i mbun gníomhaíochtaí faoin gcreat, agus foráiltear an tráth céanna, mar sin féin, go bhféadfaidh eintitis údaraithe gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh ní hamháin ag tairbhithe, ach freisin ag eintitis údaraithe atá teoranta do chatagóirí sonracha (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(4)). Soiléirítear sa Treoir nár cheart go gcuirfeadh nósanna imeachta náisiúnta um údarú nó um aitheantas is infheidhme, mar shampla, maidir le seirbhísí de chineál ginearálta a sholáthar do dhaoine is tairbhithe cosc ar na heintitis údaraithe tabhairt faoi ghníomhaíochtaí faoin gcreat. Fuarthas amach sa mheastóireacht go bhfuil éagsúlacht sna córais atá i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, agus go n-éilíonn Ballstáit áirithe fógra de chineál éigin, go hiondúil go dtugann siad fógra don údarás inniúil faoi ainm, stádas dlíthiúil, sonraí teagmhála, agus faisnéis faoi ghníomhaíochtaí ábhartha an eintitis údaraithe. Mar sin féin, ní raibh sonraí ar fáil do na Ballstáit uile. Thairis sin, spreagtar leis an gcreat fógra deonach a thabhairt do na húdaráis náisiúnta maidir le sonraí teagmhála eintiteas údaraithe atá i mbun malartú trasteorann, rud a d'fhéadfadh cabhrú le trédhearcacht a fheabhsú.

Ar an iomlán, tugann ionstraimí Marrakech éifeacht d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoi Chonradh Marrakech agus tá siad comhleanúnach le *acquis* an Aontais (go háirithe le creat cóipchirt an Aontais agus le beartais an Aontais maidir le míchumas) – agus go hinmheánach, ó thaobh a phríomhchuspóirí agus a phríomhfhorálacha de. I gcomhthéacs reachtaíocht an Aontais a shonraítear thuas, tá ionstraimí Marrakech ar cheann de na huirlisí chun feabhas a chur ar inrochtaineacht ábhair chlóite. I ndeireadh na dála, bíonn tionchar ag éifeacht chomhcheangailte ionstraimí reachtacha uile an Aontais ar inrochtaineacht ar rochtain ar fhaisnéis, ar oideachas agus ar chultúr do dhaoine faoi mhíchumas.

VI. BREISLUACH AE

Tháinig CBAE ar an gconclúid go raibh inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach Conradh Marrakech a thabhairt i gcrích, dá bhrí sin go raibh gá le rialacha a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais chun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a eascraíonn as glacadh an Chonartha a chomhlíonadh.

Sular tugadh Conradh Marrakech i gcrích, cé go raibh eisceachtaí nó teorainneacha cóipchirt curtha chun feidhme ag na Ballstáit uile ar mhaithe le daoine lagamhairc, bhí éagsúlachtaí i

([57]) Féach an t-ionchur don ghlao ar fhianaise ón bhFóram Eorpach maidir leis an Míchumas agus ó Aontas na nDall san Eoraip, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13615-EU-copyright-law-for-blind-and-visually-impaired-people-evaluation-of-the-Marrakesh-Directive-and-Regulation/F3414879_en.

raon feidhme chur i bhfeidhm na heisceachta([58]), rud a rinne difear do mhalartú trasteorann cóipeanna i bhformáid inrochtana ([59]). D'fhágfadh an easpa idirghabhála ón Aontas chun Treoir agus Rialachán Marrakech a ghlacadh go gcoinneofaí an status quo sin.

Le glacadh Threoir agus Rialachán Marrakech, chomh maith le bheith riachtanach chun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh, comhchuibhíodh raon feidhme na heisceachta cóipchirt agus éascaíodh malartuithe trasteorann laistigh den Aontas agus le tríú tíortha ar páirtithe iad i gConradh Marrakech araon. Dá réir sin, d'eascair barainneachtaí scála as éascú an mhalartaithe trasteorann ([60]).

Ní fhéadfaí an éifeacht trasteorann a bhaint amach ar bhealach chomh héifeachtúil céanna trí bhearta ar an leibhéal náisiúnta. Chuidigh idirghabháil an Aontais go háirithe leis na tairbhithe agus leis na heintitis údaraithe trí dheimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe a áirithiú, rud a d'fhág gur cuireadh teorainn le dúbláil iarrachtaí, gur méadaíodh éifeachtúlacht fhoriomlán agus gur cuireadh feabhas ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáidí inrochtana.

VII. ÁBHARTHACHT

Rinneadh measúnú ar ábharthacht ionstraimí Marrakech trí fhorbairtí margaidh, beartais agus teicneolaíochta a chur san áireamh.

Le linn na tréimhse tagartha, bhí tairiscint tráchtála saothar inrochtana a rugadh fós tearcfhorbartha. An tráth céanna, tháinig méadú ar fhormáidí digiteacha amhail ríomhleabhair agus closleabhair atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne, ar féidir leo freastal go hindíreach ar riachtanais áirithe tairbhithe freisin. Mar sin féin, tugann tairbhithe le fios nach mbíonn rochtain leordhóthanach i gcónaí ar fhormáidí den sórt sin, mar shampla mar gheall ar easpa nascleanúna inrochtana trína n-ábhar, nó mar gheall ar easpa inrochtaineachta ag ardáin tráchtála ar an obair féin, nó gur dóchúla go mbeidh rochtain ag catagóirí áirithe tairbhithe orthu (e.g. daoine leathdhalla) seachas ag daoine eile (e.g. úsáideoirí dalla).

Meastar go mbeidh tionchar tábhachtach ag an Ionstraim Inrochtaineachta maidir le ríomhleabhair a chur ar fáil i bhformáid inrochtana. Beidh ríomhleabhair a chuirfear ar fáil ar an margadh ó mhí an Mheithimh 2025 inrochtana i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta na hIonstraime Inrochtaineachta chun rochtain a éascú do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil micrifhiontair a sholáthraíonn seirbhísí díolmhaithe ó cheanglais inrochtaineachta na Treorach a chomhlíonadh. Mar sin féin, ceanglaítear ar na Ballstáit treoirlínte agus uirlisí a sholáthar do mhicrifhiontair chun cur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta lena dtrasuitear an Ionstraim Inrochtaineachta a éascú. Ina theannta sin, tá roinnt coimircí san Ionstraim Inrochtaineachta, lena gceadaítear d'oibreoirí eacnamaíocha na ceanglais inrochtaineachta a chur i bhfeidhm a mhéid nach gcuireann siad

([58]) Staidéar ar chur i bhfeidhm Threoir 2001/29/CE maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise ('Treoir na Sochaí Faisnéise'), 2013, lch. 428, le fáil ag https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/9ebb5084-ea89-4b3e-bda2-33816f11425b.

([59]) Idem, lch. 437.

([60]) Féach an anailís i Roinn IV maidir le hÉifeachtúlacht.

ualach díréireach ar tháirge nó ar sheirbhís nó nach n-éilíonn siad athrú mór ar tháirge nó ar sheirbhís as a n-eascraíonn athrú bunúsach ar a bhunchineál.

Mar a léirítear sa staidéar freisin([61]), ní chaitheann an Ionstraim Inrochtaineachta amhras ar ábharthacht na heisceachta cóipchirt dá bhforáiltear i dTreoir Marrakech. D'fhéadfadh formáidí seachas ríomhleabhair – a chumhdaítear leis an Ionstraim Inrochtaineachta – a bheith níos oiriúnaí do mhíchumais éagsúla (mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na scileanna ná na crua-earraí ag daoine áirithe chun ríomhleabhair a úsáid agus go mbeidís níos compordaí trí úsáid a bhaint as braille nó formáidí móra priontála). Fiú i gcás daoine a úsáideann ríomhleabhair, d'fhéadfadh sé nach mbeadh formáid ar leith na ríomhleabhar inrochtana atá ar fáil ar an margadh iomchuí do gach míchumas a bhaineann le cló. Thairis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh infhaighteacht iomlán na dteideal uile i bhformáid a rugadh inrochtana mar thoradh ar na hoibleagáidí san Ionstraim Inrochtaineachta, agus go háirithe nuair a cháilíonn foilsitheoirí mar mhicrifhiontair, rud a fhágann nach bhfuil an tairiscint de leabhair inrochtana a rugadh iomlán cuimsitheach. D'áitigh sealbhóirí cirt a cuireadh faoi agallamh don staidéar go bhféadfadh sé go mbeadh gá le hathrú bunúsach a dhéanamh ar ghreannáin. Ar bhonn níos ginearálta, d'áitigh siad go bhféadfadh costais arda a bhaineann le saothar a dhéanamh inrochtana (má tá líon mór grafaicí nó cairteacha inti, mar shampla), in éineacht le díolacháin ísle a bhfuil coinne leo, a bheith ina n-údar leis an maíomh go n-eascraíonn ualaí díréireacha as ([62]).

Is forbairt an-dearfach é go gcuirfidh an margadh níos mó ríomhleabhair inrochtana ar fáil go díreach mar thoradh ar an Ionstraim Inrochtaineachta. Mar sin féin, ní bhainfidh sé leas as riachtanais daoine faoi mhíchumas maidir le saothair a chumhdaítear le hionstraimí Marrakech i bhformáidí inrochtana. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh sé cabhrú le hacmhainní a chur ar fáil d'eintitis údaraithe chun díriú ar tháirgeadh níos speisialaithe de chóipeanna i bhformáid inrochtana ([63]).

Ar deireadh, tar éis ionstraimí, teicneolaíochtaí agus bogearraí Marrakech a ghlacadh, tá fáil níos forleithne orthu chun inrochtaineacht saothar clóite agus infhaighteacht níos leithne formáidí inrochtana a éascú, rud a léiríonn aistriú ó fhormáidí analógacha go formáidí digiteacha agus ó dháileadh fisiciúil go rochtain ar líne ([64]). Is féidir leis an teicneolaíocht táirgeadh saothar inrochtana a éascú agus a dhéanamh níos éifeachtúla, lena n-áirítear ríomhleabhair agus cóipeanna i bhformáid inrochtana agus uirlisí níos fearr a chur ar fáil do thairbhithe chun rochtain a fháil ar shaothair a bhaineann le cló.

Tá roinnt dúshlán fós ann maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí sin, ó bhacainní a bhaineann le rochtain ar an teicneolaíocht (e.g. costas, idir-inoibritheacht, eolas faoin gcaoi) go

([61]) An staidéar, lch. 56.
([62]) Dá mba amhlaidh an cás, bheadh orthu na ceanglais inrochtaineachta a chur i bhfeidhm a mhéid nach gcuireann siad ualach díréireach ná athrú bunúsach ar fáil.
([63]) Féach an freagra ar an nglao ar fhianaise ó Daisy Consortium atá le fáil ag https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13615-EU-copyright-law-for-blind-and-visually-impaired-people-evaluation-of-the-Marrakesh-Directive-and-Regulation/feedback_en?p_id=31995115.
([64]) An staidéar, lgh. 57 agus 59.

teorainneacha na teicneolaíochta féin (castacht oibreacha ina bhfuil íomhánna nó foirmlí matamaiticiúla nó grafaicí a oiriúnú, cáilíocht neamhleor téacs go hoiriúnú cainte) ([65]).

Ar an iomlán, d'ainneoin teorainneacha, éascaíonn agus fágann forbairt theicneolaíoch táirgeadh saothar inrochtana ag foilsitheoirí agus ag eintitis údaraithe ar bhealach níos éifeachtúla. Cuireann sé uirlisí breise ar fáil freisin do thairbhithe chun rochtain a fháil ar shaothair chlóite. Mar sin féin, ní fhágann na teicneolaíochtaí nua go bhfuil ionstraimí Marrakech iomarcach: mar a léirítear sa staidéar, tá siad sin fós ina réamhriachtanas chun leas a bhaint as an bhforbairt theicneolaíoch ([66]).

VIII. CONCLÚIDÍ AGUS CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH

Fuarthas amach sa mheastóireacht go bhfuil **breisluach AE** ag baint le Treoir agus Rialachán Marrakech. Bhí a nglacadh ríthábhachtach chun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais mar shínitheoir Chonradh Marrakech a chomhlíonadh agus chun an eisceacht chóipchirt do dhaoine faoi mhíchumas a bhaineann le cló a chomhchuibhiú chun aghaidh a thabhairt ar na héagsúlachtaí atá ann cheana i raon feidhme na n-eisceachtaí agus na dteorainneacha náisiúnta agus chun malartú trasteorann cóipeanna i bhformáid inrochtana a éascú. Ní fhéadfadh na Ballstáit an éifeacht chéanna a bhaint amach in éagmais idirghabháil an Aontais. Leis an gcreat, tugadh breisluach do na tairbhithe agus na heintitis údaraithe go háirithe, trí dheimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe a áirithiú, go háirithe maidir le malartú trasteorann cóipeanna i bhformáid inrochtana.

Bhí Treoir agus Rialachán Marrakech **éifeachtach** ar an iomlán maidir le feabhas a chur ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana, mar a léirítear leis na sonraí cáilíochtúla a bailíodh le haghaidh na meastóireachta, chomh maith leis na sonraí samplacha a léiríonn gur tháinig méadú ar an líon cóipeanna sin agus go raibh níos mó tairbhithe tar éis teacht chun bheith ina n-úsáideoirí seirbhísí eintiteas údaraithe le linn na tréimhse tagartha. Bhí ról dearfach ag tabhairt isteach rialacha Marrakech maidir leis an bhféidearthacht malartú a dhéanamh laistigh den Aontas agus le tríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech.

Mar gheall ar na teorainneacha ar shonraí, níorbh fhéidir teacht ar chonclúidí maidir leis na tionchair chainníochtúla a d'fhéadfadh a bheith ag na scéimeanna cúitimh a cheadaítear faoin Treoir agus a chur i bhfeidhm i mBallstáit áirithe ar tháirgeadh nó ar mhalartú cóipeanna i bhformáid inrochtana. Bunaithe ar shonraí cáilíochtúla, is cosúil go bhfuil an tionchar a mheastar a bhíonn ag scéimeanna cúitimh ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana éagsúil i measc na mBallstát ina bhfuil scéimeanna den sórt sin i bhfeidhm, ag brath ar raon feidhme na scéime agus ar fhoinsí maoinithe (e.g. a mhéid a rannchuidíonn deonacháin le buiséad an eintitis údaraithe).

([65]) An staidéar, lch. 59.
([66]) An staidéar, lch. 60.

Níor nochtadh sa mheastóireacht na héifeachtaí neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ag cur chun feidhme ionstraimí Marrakech, go háirithe maidir leis an tionchar ar infhaighteacht tráchtála saothar i bhformáid inrochtana.

Cé nach féidir teacht ar chonclúidí daingne atá bunaithe ar shonraí cainníochtúla leis an bhfaisnéis atá ar fáil, níor nochtadh leis an meastóireacht ualaí neamhriachtanacha a tugadh isteach leis an gcreat agus ní cosúil go bhfuil gá le simpliú agus cuíchóiriú. I bhfianaise na n-eisceachtaí cóipchirt atá ann cheana, d'éascaigh an deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe a baineadh amach trí chomhchuibhiú an Aontais malartú trasteorann, agus chuidigh sé le dúbailt gníomhaíochta a chosc i dtáirgeadh cóipeanna i bhformáid inrochtana, rud a d'fhág go raibh coigilteas ann d'eintitis údaraithe. Ní fhorchuirtear leis an gcreat oibleagáidí ar na heintitis údaraithe a d'fhéadfadh bac a chur ar tháirgeadh cóipeanna i bhformáid inrochtana agus a d'fhéadfaí a mheas mar ualach. Ar an iomlán, is cosúil gur chuir na rialacha feabhas ar an rochtain atá ag tairbhithe ar chóipeanna i bhformáid inrochtana ar bhealach éifeachtúil.

Sna Ballstáit ina bhfuil scéimeanna cúitimh i bhfeidhm, is cosúil go mbraitheann a dtionchar ar éifeachtúlacht ar an gcistiú atá ar fáil do na heintitis údaraithe (agus go háirithe má rannchuidíonn tairbhithe trí thabhartais le cistí foriomlána na n-eintiteas údaraithe), agus ar leibhéal digitithe na n-eintiteas údaraithe.

D'fhéadfadh tosca áirithe a théann níos faide ná creat Marrakech rannchuidiú lena éifeachtúlacht. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin tionscnaimh éagsúla lena gceadaítear malartú faisnéise agus comhar i measc eintitis údaraithe, agus idir eintitis údaraithe agus foilsitheoirí, leibhéal an digitithe i measc eintitis údaraithe, agus tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil do thairbhithe maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi na saothair atá ar fáil.

Fuarthas amach sa mheastóireacht go bhfuil forálacha Marrakech comhleanúnach go hinmheánach, agus go bhfuil siad oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an bpríomhsprioc maidir le hinfhaighteacht saothar i gcóipeanna i bhformáidí inrochtana a mhéadú agus cothromaíocht chóir idir cearta agus leasanna na sealbhóirí cirt agus na n-úsáideoirí á cosaint an tráth céanna. Tá ionstraimí Marrakech **comhleanúnach** freisin le acquis idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais. Go háirithe, tá siad comhlántach leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht, lena n-éilítear raon leathan táirgí agus seirbhísí laethúla, lena n-áirítear ríomhleabhair, a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

Is cuspóir bailí fós é an cur chuige a glacadh le rialacha Marrakech chun oibleagáidí iomarcacha ar na heintitis údaraithe a sheachaint (amhail infhaighteacht tráchtála formáidí inrochtana saothar a bhfuil sé beartaithe acu iad a oiriúnú) i gcomhthéacs chur chun feidhme na hIonstraime Inrochtaineachta, chun tionchar diúltach ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana do thairbhithe a chosc. An tráth céanna, ba cheart go n-éascódh comhar deonach méadaithe idir sealbhóirí cirt agus eintitis údaraithe an t-idirghníomhú leis an Ionstraim Inrochtaineachta, chun a áirithiú go stiúrfaidh eintitis údaraithe a n-acmhainní chun freastal níos fearr ar na riachtanais nach bhfuiltear ag freastal orthu.

Fuarthas amach sa mheastóireacht go bhfuil ionstraimí Marrakech fós **ábhartha** i bhfianaise na bhforbairtí beartais, margaidh agus teicneolaíochta. Go sonrach, meastar go méadóidh an Ionstraim Inrochtaineachta an margadh tráchtála le haghaidh ríomhleabhair inrochtana, ach ní ídíonn sé riachtanais daoine faoi mhíchumas a chumhdaítear le Treoir Marrakech le haghaidh leabhair chlóite agus ábhair chlóite inrochtana. Tá súil againn go scaoilfí acmhainní eintiteas údaraithe chun cóipeanna i bhformáid inrochtana a tháirgeadh ar bhealach níos speisialaithe mar thoradh ar an Ionstraim Inrochtaineachta.

I bhfianaise thorthaí na meastóireachta, ní mheastar go bhfuil gá le haon leasú ag an gcéim seo.

Ceachtanna foghlamtha

Ar an iomlán, bhí feidhmíocht Threoir agus Rialachán Marrakech ag teacht leis na hionchais: i bhfianaise na n-eisceachtaí náisiúnta cóipchirt atá ann cheana ach atá éagsúil chun leasa daoine faoi mhíchumas, chuir ionstraimí an Aontais feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil trí shoiléiriú a dhéanamh ar na húsáidí agus ar na tairbhithe a chumhdaítear le rialacha cóipchirt an Aontais. Chuidigh sé sin le feabhas a chur ar rochtain ar chóipeanna i bhformáid inrochtana, agus cothromaíocht na gceart agus na leasanna á gcosaint an tráth céanna. An tráth céanna, d'fhéadfadh tionchar éagsúil a bheith ag na bearta a chuirtear chun feidhme sna Ballstáit mar gheall ar thosca éagsúla, go háirithe cistiú nó acmhainní, chomh maith le rochtain ar theicneolaíocht, ar fheasacht agus ar leibhéil chomhair. Cé nach bhfuil aon sonraí cuimsitheacha ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtosca sin, is iad seo a leanas na príomhcheachtanna a foghlaimíodh ón meastóireacht:

- Meastar gurb iad an cistiú neamhleor nó acmhainní neamhleora eile (acmhainní daonna, eolas, teicneolaíocht) do na heintitis údaraithe na príomhbhacainní ar níos mó cóipeanna i bhformáid inrochtana a chur ar fáil**.** Is cosúil go bhfuil sé ábhartha leibhéal cobhsaí leordhóthanach cistiúcháin a áirithiú do na heintitis údaraithe ar an leibhéal náisiúnta maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeart**,** lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil scéimeanna cúitimh i bhfeidhm.
- Is féidir le leibhéal an digitithe agus na hullmhachta teicneolaíche i measc eintitis údaraithe cóipeanna i bhformáid inrochtana a chruthú, a mhalartú agus a rochtain ar bhealach níos éifeachtúla.
- Cleachtais chun feasacht mhéadaithe ar na seirbhísí a chuireann na heintitis údaraithe ar fáil a áirithiú agus tacaíocht shaincheaptha do thairbhithe chun na teidil a thairgtear a aimsiú agus rochtain a fháil orthu, is dócha go rachaidh siad chun tairbhe d'éifeachtacht an chreata.
- Tá na bearta a chuireann eintitis údaraithe i bhfeidhm chun úsáid neamhúdaraithe a chosc tábhachtach chun díobháil do shealbhóirí cirt a chosc, go háirithe nuair a bhíonn na cóipeanna a sholáthraíonn na heintitis údaraithe i bhformáidí (ríomhleabhair, closleabhair) ar féidir leis an bpobal i gcoitinne taitneamh a bhaint astu. Is féidir

modhanna éagsúla a chur i bhfeidhm chun úsáid neamhúdaraithe a chosc, ina measc comharthaí uisce.

– Tá córais faireacháin éagsúla i measc na mBallstát, ach is cosúil nach bhfuil córais den sórt sin i bhfeidhm ag gach údarás náisiúnta nó (i gcás amháin) go bhfuil siad ar an eolas faoi na heintitis údaraithe sa tír sin. Tá eintitis údaraithe faoin Treoir teoranta do chatagóirí sonracha a luaitear in Airteagal 2(4). Thairis sin, leis an bhfógra deonach ó eintitis údaraithe dá n-údaráis náisiúnta, arna spreagadh ag an Treoir do na heintitis sin a bhíonn i mbun malartuithe trasteorann, féadfar rannchuidiú le trédhearcacht mhéadaithe do na páirtithe ábhartha uile agus ba cheart é a chur i bhfeidhm ar bhonn níos forleithne.

– Is cosúil go bhfuil tionscnaimh chun tacú le comhar idir eintitis údaraithe tábhachtach chun dúbailt na n-iarrachtaí idir eagraíochtaí a mhaolú agus chun trédhearcacht agus rochtain do thairbhithe a fheabhsú.

– Ar deireadh, d'fhéadfadh comhar idir eintitis údaraithe agus foilsitheoirí a bheith úsáideach chun sineirgí a mhéadú. Na cineálacha comhair sin atá i bhfeidhm cheana féin (e.g. infhaighteacht ardán nó dreasachtaí d'fhoilsitheoirí chun cóip i bhformáid dhigiteach a sholáthar d'eintitis údaraithe, chun an riosca maidir le dúbailt oibre a íoslaghdú, costais táirgthe formáidí áirithe a chomhroinnt chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun rochtain a sholáthar trí bhealaí éagsúla), is dócha go mbeidh siad níos ábhartha fós i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na hIonstraime Inrochtaineachta agus ba cheart iad a spreagadh tuilleadh.